| | | |
|---|---|---|
| **1.** | An bhfuil Gaeilge agat?<br>Tá. Tá cúpla focal agam.<br>Níl. Níl mórán agam. | Do you know Irish?<br>Yes. I know a few words.<br>No. I don't know much. |
| | An bhfuil snámh agat?<br>Tá. Tá snámh maith agam. | Can you swim?<br>Yes. I can swim well. |
| **2.** | An bhfuil tú in ann Spáinnis a léamh?<br>Tá. Tá mé in ann.<br>Níl. Níl mé in ann ach Béarla a léamh. | Can you read Spanish?<br>Yes. I can.<br>No. I can only read English. |
| **3.** | An féidir leat teacht abhaile ón ollmhargadh ag siúl?<br>Ní féidir. Tá sé ró-fhada.<br>An féidir leat dul go dtí an trá ar an mbus?<br>Is féidir. Ach tógann sé a lán ama. | Can you come home from the supermarket walking?<br>No. It's too far.<br>Can you go to the beach on the bus?<br>Yes. But it takes a lot of time. |
| **4.** | An bhfuil tú ábalta arán a dhéanamh?<br>Tá. Tá mé ábalta arán sóide a dhéanamh. | Are you able to make bread?<br>Yes. I can make soda bread. |
| **5.** | An bhfuil cead agam dul go dtí an leithreas?<br>Tá. Ach déan deifir.<br>Níl. Níl cead agat dul anois. | May I go to the bathroom (toilet)?<br>Yes. But hurry up.<br>No. You may not go now. |

| | | |
|---|---|---|
| | **Comhrá 1** | **Conversation 1** |
| T: | A Rónáin! | Ronan! |
| R: | Sea, a Thomáis? | Yes, Thomas? |
| T: | An bhfuil snámh agat? | Can you swim? |
| R: | Tá. Tá snámh maith agam. | Yes. I can swim well. |
| T: | Ar mhaith leat dul go dtí an linn snámha liom? | Would you like to go to the swimming pool with me? |
| R: | Ba mhaith, cinnte. | Yes, certainly. |
| T: | An féidir leat teacht ar an mbus? | Can you come on the bus? |
| R: | Is féidir, ach b'fhearr liom siúl. | Yes, but I'd rather walk. |
| T: | An bhfuil tú in ann teacht ag siúl? | Can you come walking? |
| R: | Tá. Níl sé ró-fhada. | Yes. It's not too far. |
| | **Comhrá 2** | **Conversation 2** |
| A: | Dia duit, is mise Áine. Cad is ainm duit? | Hello. I'm Anne. What's your name? |
| C: | Dia is Muire duit, a Áine, is mise Caoimhe. | Hello, Anne. I'm Caoimhe. |
| A: | Deas bualadh leat, a Chaoimhe. An bhfuil Gaeilge agat? | Nice to meet you Caoimhe. Do you know Irish. |
| C: | Tá. Tá beagán Gaeilge agus Fraincise agam. | Yes. I know a little Irish and French. |
| A: | An bhfuil tú in ann caint agus léamh as Fraincis? | Can you speak and read in French? |
| C: | Tá, ach níl mé in ann scríobh go ró-mhaith. | Yes, but I can't write too well. |
| A: | Is féidir leat litreacha a scríobh chugamsa. | You can write letters to me. |
| C: | Go raibh míle maith agat. | Thanks a lot. |

**Dán (le Pól Mac Mathúna)**
**Táim Bréan De**

Tá sé ag cur báistí,
Tá sé fliuch,
Tá sé fuar,
Agus táim bréan de.

Ní féidir liom dul amach,
Tá orm fanacht istigh sa teach,
Agus táim bréan de.

Tá orm mo obair bhaile a dhéanamh,
Agus táim bréan de.

Ní féidir liom féachaint ar an teilifis,
Agus táim bréan de.

Níl an clár teilifíse is fearr liom ar siúl,
Agus táim bréan de.

**Poem (by Pól Mac Mathúna)**
**I'm Tired of It**

It is raining,
It is wet,
It is cold,
And I'm tired of it.

I can't go outside,
I have to stay inside the house,
And I'm tired of it.

I have to do my homework,
And I'm tired of it.

I can't watch TV,
And I'm tired of it.

My favorite TV program isn't on,
And I'm tired of it.